2025/243

7.2.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/243 ÓN gCOIMISIÚN

an 30 Eanáir 2025

lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403 a mhéid a bhaineann le deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha maidir le gluaiseachtaí coinsíneachtaí de chatagóirí áirithe ainmhithe talún agus a dtáirgí geirmeacha idir na Ballstáit

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') ([1]), go háirithe Airteagail 146(3) agus 162(3) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus Rialachán (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) ([2]), agus go háirithe Airteagal 90, an chéad mhír, pointe (a), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is éard a bhunaítear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403 ón gCoimisiún ([3]) leaganacha caighdeánacha, i bhfoirm deimhnithe sláinte ainmhithe, deimhnithe agus dearbhuithe sláinte ainmhithe/oifigiúla maidir le gluaiseachtaí coinsíneachtaí de chatagóirí áirithe ainmhithe talún agus a dtáirgí geirmeacha idir na Ballstáit, i measc nithe eile. Leis na coinsíneachtaí sin cuimsítear iad siúd a thagann faoi raon feidhme Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 ([4]) ón gCoimisiún.

(2) I gCaibidlí 1 (deimhniú caighdeánach 'BOV-INTRA-X'), 5 (deimhniú caighdeánach 'OV/CAP-INTRA-X'), 9 (deimhniú caighdeánach 'CAM-INTRA-X'), 11 (deimhniú caighdeánach 'CER-INTRA-X') agus 13 (deimhniú caighdeánach 'OTHER-UNGULATES-INTRA-X') d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403, leagtar amach deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha maidir le gluaiseachtaí catagóirí áirithe crúbach idir na Ballstáit atá soghabhálach i leith ionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh (EHDV). Na leasuithe ar Airteagail 10, 15, 23, 26 agus 29 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 le Rialachán Tarmligthe (AE) 2024 ón gCoimisiún ([5]) maidir le ceanglais bhreise a bhaineann le hionfhabhtú le EHDV, ba cheart iad a léiriú sna deimhnithe caighdeánacha sin dá réir.

(3) I gCaibidlí 30 (deimhniú caighdeánach 'OV/CAP-SEM-A-INTRA') agus 33 (deimhniú caighdeánach 'OV/CAP-OOCYTES-EMB-A-INTRA) d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403, leagtar amach deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha maidir le gluaiseachtaí seamhain, úicítí agus suthanna ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair arna mbailiú nó arna dtáirgeadh tar éis an

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/429/oj.
([2]) IO L 95, 7.4.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/625/oj.
([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) 2016/429 agus (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha agus deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla caighdeánacha, maidir le coinsíneachtaí de chatagóirí áirithe ainmhithe talún agus a dtáirgí geirmeacha, deimhniúchán oifigiúil maidir leis na deimhnithe sin a thabhairt isteach san Aontas agus maidir lena ngluaiseachtaí idir na Ballstáit, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2010/470/AE (IO L 113, 31.3.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/403/oj).
([4]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le ceanglais sláinte ainmhithe maidir le gluaiseachtaí ainmhithe talún agus uibheacha goir laistigh den Aontas (IO L 174, 3.6.2020, lch. 140, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/688/oj).
([5]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/3160 ón gCoimisiún an 9 Deireadh Fómhair 2024 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 a mhéid a bhaineann le ceanglais áirithe sláinte ainmhithe maidir le gluaiseachtaí ainmhithe talún laistigh den Aontas (IO L 2024/3160, 20.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2024/3160/oj).

9 Deireadh Fómhair 2024 idir na Ballstáit. Na leasuithe ar Chaibidil A, Roinn A, pointí 4.2(d) agus (e), d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (CE) 999/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le Rialachán (AE) 2024/887 ón gCoimisiún ([6]) a mhéid a bhaineann le hainmhithe den chineál gabhair ([7]) atá frithsheasmhach go géiniteach in aghaidh tréithchineálacha den scráibeach chlasaiceach, ba cheart iad a léiriú i bpointe II.1.2.4 agus i bpointe II.2 de na deimhnithe caighdeánacha sin dá réir sin.

(4) Ar mhaithe le soiléireacht agus comhsheasmhacht rialacha an Aontais, ba cheart na deimhnithe caighdeánacha a leagtar amach i gCaibidlí 1, 5, 9, 11, 13, 30 agus 33 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403 a thabhairt cothrom le dáta, lena n-áirítear nuashonrú ar na nótaí agus ar na heilimintí struchtúracha, agus na leasuithe a dtugtar tuairisc orthu sna haithrisí roimhe seo á n-ionchorprú. Dá bhrí sin, ba cheart na deimhnithe caighdeánacha nuashonraithe a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo a chur in ionad na ndeimhnithe caighdeánacha sin.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403 a leasú dá réir.

(6) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an 20ú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Eanáir 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([6]) Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2001 lena leagtar síos rialacha maidir le heinceifileapaití spúinseacha in-tarchurtha áirithe a chosc, a rialú agus a dhíothú (IO L 147, 31.5.2001, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2001/999/oj.

([7]) Rialachán (AE) 2024/887 ón gCoimisiún an 22 Márta 2024 lena leasaítear Iarscríbhinní IV, VIII agus IX a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le beathú ainmhithe, cur ar an margadh agus allmhairiú isteach san Aontas (IO L 2024/887, 25.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/887/oj.

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Chaibidil 1:

‘CAIBIDIL 1

DEIMHNIÚ SLÁINTE AINMHITHE CAIGHDEÁNACH MAIDIR LE GLUAISEACHT BÓ FAOI SHEIMHIÚ ISTEACH IDIR AN MHARÚ IDIR NA BALLSTÁIT (LEAGAN CAIGHDEÁNACH ‘BOV AIN TR-X’)

AN tAONTAS EORPACH					**INTRA**
Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht	**I.1**	**Coinsíneoir** Ainm Seoladh Tír Códtíre ISO	**I.2**	**Tagairt IMSOC**	**CÓD QR**
			I.2a	**Tagairt áitiúil**	
			I.3	**Údarás Inniúil Lárnach**	
			I.4	**Údarás Inniúil Áitiúil**	
	I.5	**Coinsíní** Ainm Seoladh Tír Códtíre ISO	**I.6**	**Oibreoir a dhéanann oibríochtaí cóimeála neamhspleách ar bhunaíocht** Ainm Uimh. Chlárúcháin Seoladh Tír Códtíre ISO	
	I.7	**An tír thionscnaimh** Códtíre ISO	**I.9**	**An tír cinn scríbe** Códtíre ISO	
	I.8	**An réigiún tionscnaimh** Cód	**I.10**	**An réigiún cinn scríbe** Cód	
	I.11	**Áit seolta** Ainm Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Seoladh Tír Códtíre ISO	**I.12**	**Ceann scríbe** Ainm Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Seoladh Tír Códtíre ISO	
	I.13	**Ionad luchtaithe**	**I.14**	**Dáta agus am imeachta**	
	I.15	**Modh iompair** □ Soitheach □ Aerárthach □ Iarnród □ Feithicil bhóthair Aitheantas □ Eile Doiciméad	**I.16**	**Iompróir** Ainm Uimh. Chlárúcháin/Údaraithe Seoladh Tír Códtíre ISO	
			I.17	**Doiciméid tionlacain** Cineál Cód Tír Códtíre ISO Tagairt doiciméid tráchtála	
	I.18	**Coinníollacha iompair** □ Comhthimpeallach □ Fuaraithe □ Reoite			
	I.19	**Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala** Uimh. an choimeádáin Uimhir an tséala			
	I.20	**Deimhnithe mar nó le haghaidh** □ Coimeád breise □ Marú seamlais □ Bunaíocht theoranta □ Táirgí geirmeacha □ Eachainmhí cláraithe □ Sorcas taistil/seó ainmhí □ Taispeántas □ Teagmhas nó gníomhaíocht gar do theorainneacha			

□ Scaoileadh amach san fhiadhúlra	□ Lárionad seolta	□ Limistéar an athsheachadta/lárionad íonúcháin	□ Feirm dobharshaothraithe ornáideach
□ Tuilleadh próiseála	□ Leasacháin orgánacha agus feabhsaitheoirí ithreach	□ Úsáid theicniúil	□ Coraintín nó bunaíocht chomhchosúil
□ Táirgí lena gcaitheamh ag an duine	□ Pailniú	□ Ainmhithe uisceacha beo lena gcaitheamh ag an duine	□ Eile

I.21	**□ Le hiompar trí thríútír**	
	Tríútír	Códtíre ISO
	Pointescoir	Cód BCP
	Pointeiontrála	Cód BCP

I.22	**□ Le hiompar trí Bhallstá(i)t**		**I.23**	**□ Le honnmhairiú**	
	Ballstát	Códtíre ISO		Tríútír	Códtíre ISO
	Ballstát	Códtíre ISO		Pointescoir	Cód BCP
	Ballstát	Códtíre ISO			

I.24	**Tréimhse mheasta an turais**	**I.25**	**Loga an turais** □ tá □ níl
I.26	**Líon iomlán pacáistí**	**I.27**	**Cainníocht iomlán**
I.28	**Glanmheáchan/ollmheáchan (kg) iomlán**	**I.29**	**Spás iomlán atá á mheas don choinsíneacht**

I.30 Tuairisc ar an gcoinsíneacht

Cód AC	Speicis	Fospeiceas/Catagóir	Inscne	Córas aitheantais	Uimhir aitheantais	Aois	Cainníocht Cineál
An réigiún tionscnaimh		Fuar - stóras		Marc aitheantais	Cineál pacáistíochta		Glanmheáchan
Seamlas		Cineál cóireála		Cineál an tráchtearra	An líon pacáistí		Baiscuimhir
		An dáta bailithe/táirgthe		Monarcha mhonaraíochta	Uimhir formheasa nó cláruimhir na monarchan/na bunaíochta/an lárionaid	Tástáil	

AN tAONTAS EORPACH **Deimhniú caighdeánach BOV/INTRA -**

Cuid II: Deimhniú

II. Faisnéis sláinte	**II.a Tagairt an deimhnithe**	**II.b Tagairt IMSOC**

Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m'ainm anseo thíos, leis seo gur fíor an méid seo a leanas:

II.1. Comhlíonann bó (1) ainmhithe sa coinsíneachta ar a dtugtar tuairisc i gCuid I na ceanglais seo a leanas:

II.1.1. Sainaithnítear iad mar a fhoráiltear in Airteagal 38 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035 ón gCoimisiún.

II.1.2. Ar feadh 30 lá ar a laghad roimh dháta imeachta na coinsíneachta, nó ó rugadh iad, má tá siad níos óige ná 30 lá d'aois,

II.1.2.1. bhí cónaí orthu go leanúnach sa bhunaíocht tionscnaimh;

II.1.2.2. ní raibh siad i dteagmháil le bó-ainmhithe ar coimeád ag a raibh stádas sláinte níos ísle agus ní raibh siad faoi réir srianta gluaiseachta ar chúiseanna sláinte ainmhithe;

II.1.2.3. ní raibh siad i dteagmháil dhíreach ná indíreach le hainmhithe ar coimeád a tugadh isteach san Aontas ó thríú tír nó ó chríoch le linn na 30 lá deireanach roimh dháta imeachta na coinsíneachta.

II.1.3. Níor léirigh siad aon chomhartha cliniciúil ná siomptóm galar a liostaítear le haghaidh bó dheireanacha roimh dháta imeachta na coinsíneachta, an …… (*cuir isteach an dáta ll/mm/bbbb*).

II.2. De réir faisnéis oifigiúil, comhlíonann na hainmhithe ar a dtugtar tuairisc i gCuid I na ceanglais sláinte seo a leanas:

II.2.1. (2) *cibé acu* [Tagann siad ó bhunaíochtaí nó ó chriosanna nach bhfuil faoi réir srianta gluaiseachta a dhéanann difear do bhó galar a liostaítear le haghaidh na speiceas sin nó ar chúiseanna galar atá faoi réir bearta éigeandála atá ábhartha maidir leis na speicis sin, agus ní raibh siad i dteagmháil le hainmhithe ar coimeád de speiceas liostaithe ag a bhfuil stádas sláinte níos ísle ar feadh tréimhse leordhóthanach.]

(2) *nó* [Tagann siad ó bhunaíochtaí nó ó chriosanna atá faoi réir srianta gluaiseachta a dhéanann difear do bhó ainmhithe agus iad, (3), ach deonaíodh maoluithe ar shrianta gluaiseachta, agus:

(2) [comhlíonann siad na ceanglais a leagtar amach in ……(4);]]

(2) [agus go háirithe, tá siad ……(5).]]

II.2.2. Tagann siad ó bhunaíochtaí atá saor ó ionfhabhtú le *Brucella abortus*, *B. melitensis* agus *B. suis* gan vacsaíniú maidir le bó ainmhithe, agus:

(2) *cibé acu* [tá na bunaíochtaí tionscnaimh lonnaithe i mBallstát nó i gcrios de ag a bhfuil an stádas saor ó ionfhabhtú le *Brucella abortus*, *B. melitensis* agus *B. suis* maidir leis an daonra bó

(2) *agus/nó* [cuireadh faoi thástáil iad le haghaidh ionfhabhtú le *Brucella abortus*, *B. melitensis* agus *B. suis* le ceann de na modhanna diagnóiseacha dá bhforáiltear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 ón gCoimisiún, agus torthaí diúltacha uirthi, ar shampla arna thógáil le linn na 30 lá deireanach roimh an dáta imeachta, agus i gcás baineannach tar éis a dtuismidh, arna thógáil 30 lá ar a laghad tar éis an tuismidh;]

(2) *agus/nó* [tá siad níos óige ná 12 mhí d'aois;]

(2) *agus/nó* [tá siad coillte.]

II.2.3. Tagann siad ó bhunaíochtaí atá saor ó ionfhabhtú le coimpléacs *Mycobacterium tuberculosis* (*M. bovis*, *M. caprae* agus *M. tuberculosis*), agus:

(2) *cibé acu* [tá na bunaíochtaí tionscnaimh lonnaithe i mBallstát nó i gcrios de ag a bhfuil an stádas saor ó ionfhabhtú le coimpléacs *Mycobacterium tuberculosis* (*M. bovis*, *M. caprae* agus *M. tuberculosis*);]

(2) *agus/nó* [cuireadh faoi thástáil iad le haghaidh ionfhabhtú le coimpléacs *Mycobacterium tuberculosis* (*M. bovis*, *M. caprae* agus *M. tuberculosis*) le ceann de na modhanna diagnóiseacha dá bhforáiltear i gCuid 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688, agus

		torthaí diúltacha uirthi, arna thógáil le linn na 30 lá deireanach roimh dháta imeachta na coinsíneachta;]
		(2) *agus/nó* [tá siad níos óige ná 6 seachtaine d'aois.]
	II.2.4.	Tagann siad ó bhunaíochtaí nár tuairiscíodh gur ann d'ionfhabhtú le víreas an chonfaidh in ainmhithe talún ar coimeád le linn na 30 lá deireanach roimh dháta imeachta na coinsíneachta.
	II.2.5.	Tagann siad ó bhunaíochtaí atá suite i limistéar dar ga 150 km ar a laghad thart ar na bunaíochtaí sin lena mbaineann an méid seo a leanas maidir leis an ionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh:
		(2) *cibé acu* [níor tuairiscíodh é in ainmhithe ar coimeád de speicis liostaithe don ghalar sin le linn an 2 bhliain dheireanacha roimh dháta imeachta na coinsíneachta;]
		(2) *agus/nó* [tuairiscíodh é in ainmhithe ar coimeád de speicis liostaithe don ghalar sin le linn an 2 bhliain dheireanacha roimh dháta imeachta na coinsíneachta agus coinníodh na hainmhithe i gcrios atá saor go séasúrach ón ngalar fuilreatha eipeasótach i gcomhréir le Codanna 1 agus 2 d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688;
		(2) *cibé acu* [ar feadh 60 lá ar a laghad roimh dháta imeachta na coinsíneachta;]]
		(2) *agus/nó* [ar feadh 28 lá ar a laghad roimh dháta imeachta na coinsíneachta agus rinneadh tástáil shéireolaíoch orthu, tástáil a raibh torthaí diúltacha uirthi, arna déanamh ar shamplaí a bailíodh 28 lá ar a laghad i ndiaidh dháta iontrála na n-ainmhithe isteach sa limistéar atá saor go séasúrach ó ghalar;]]
		(2) *agus/nó* [ar feadh 14 lá ar a laghad roimh dháta imeachta na coinsíneachta agus rinneadh tástáil ISP orthu, tástáil a raibh torthaí diúltacha uirthi, arna déanamh ar shamplaí a bailíodh 14 lá ar a laghad i ndiaidh dháta iontrála an ainmhí isteach sa limistéar atá saor go séasúrach ó ghalar;]]
		(2) *agus/nó* [tuairiscíodh é in ainmhithe ar coimeád de speicis liostaithe don ghalar sin le linn an 2 bhliain dheireanacha roimh dháta imeachta na coinsíneachta agus cosnaíodh na hainmhithe ar ionsaithe ó veicteoirí le linn a n veicteoirí i mbunaíocht atá cosanta ar veicteoirí agus a chomhlíonann na ceanglais dá bhforáiltear i gCuid 3 d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688:
		(2) *cibé acu* [ar feadh 60 lá ar a laghad roimh dháta imeachta na coinsíneachta;]]
		(2) *agus/nó* [ar feadh 28 lá ar a laghad roimh dháta imeachta na coinsíneachta agus cuireadh na hainmhithe faoi thástáil shéireolaíoch, agus torthaí diúltacha uirthi, arna déanamh ar shamplaí arna mbailiú 28 lá ar a laghad tar éis dháta tosaigh na tréimhse cosanta in aghaidh ionsaithe ó veicteoirí;]]
		(2) *agus/nó* [ar feadh 14 lá ar a laghad roimh dháta imeachta na coinsíneachta agus cuireadh na hainmhithe faoi thástáil ISP, agus torthaí diúltacha uirthi, arna déanamh ar shamplaí arna mbailiú 14 lá ar a laghad tar éis dháta tosaigh na tréimhse cosanta in aghaidh ionsaithe ó veicteoirí;]]
		(2) *agus/nó* [tuairiscíodh é in ainmhithe ar coimeád de speicis liostaithe le haghaidh an ghalair sin le linn an 2 bhliain díreach roimh dháta imeachta na coinsíneachta agus vacsaíníodh na hainmhithe in aghaidh ionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh agus tá na hainmhithe laistigh den tréimhse imdhíonachta a ráthaítear i sonraíochtaí na vacsaíne agus:
		(2) *cibé acu* [vacsaíníodh iad 60 lá ar a laghad roimh dháta imeachta na coinsíneachta;]]
		(2) *agus/nó* [vacsaíníodh iad le vacsaín dhíghníomhaithe agus cuireadh faoi thástáil ISP iad, agus fuarthas torthaí diúltacha ó shamplaí a bailíodh 14 lá ar a laghad tar éis thús na himdhíonachta a shocraítear i sonraíochtaí na vacsaíne;]]
		(2) *agus/nó* [tuairiscíodh é in ainmhithe ar coimeád de speicis liostaithe don ghalar sin le linn an 2 bhliain dheireanacha roimh dháta imeachta na coinsíneachta agus chuir an Ballstát cinn scríbe an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas go bhfuil an ghluaiseacht sin údaraithe].
		(2) *agus/nó* [tuairiscíodh é in ainmhithe ar coimeád de speicis liostaithe don ghalar sin le linn an 2 bhliain dheireanacha roimh dháta imeachta na coinsíneachta agus comhlíonann na hainmhithe bearta maolaithe riosca sonracha arna sainiú ag údarás inniúil an Bhallstáit cinn scríbe agus chuir an

AN tAONTAS EORPACH **Deimhniú caighdeánach BOV/INTRA -**

			Ballstát cinn scríbe an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas go bhfuil an ghluaiseacht sin údaraithe;]
		(2) *agus*	[comhlíontar na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 10(1), an tríú fomhír, de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688.]
		II.2.6.	Tagann siad ó bhunaíochtaí nár tuairiscíodh gur ann d'antrasc i gcrúbaigh le linn na 15 lá roimh dháta imeachta na coinsíneachta.
		II.2.7.	Tagann siad ó bhunaíochtaí nár tuairiscíodh gur ann do surra (ionfhabhtú le *Trypanosoma evansi*) le linn na 30 lá deireanach roimh dháta imeachta na coinsíneachta, agus
		(2) *cibé acu*	[níor tuairiscíodh gurbh ann do surra sna bunaíochtaí le linn an 2 bhliain dheireanacha roimh dháta a n - imeachta.]
		(2) *nó*	[tuairiscíodh surra le linn an 2 bhliain dheireanacha roimh dháta imeachta na coinsíneachta, agus tar éis dháta na ráige deireanaí, d'fhan na bunaíochtaí dá ndearnadh difear faoi shrianta gluaiseachta go dtí an dáta a baineadh na hainmhithe ionfhabhtaithe de na bunaíochtaí, agus cuireadh na hainmhithe a bhí fágtha sna bunaíochtaí faoi thástáil le haghaidh surra le ceann de na modhanna diagnóiseacha dá bhforáiltear i gCuid 3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688, agus torthaí diúltacha uirthi, arna déanamh ar shamplaí arna dtógáil 6 mhí ar a laghad tar éis an dáta a baineadh na hainmhithe ionfhabhtaithe de na bunaíochtaí.]
	(2) *cibé acu*	(3)[II.2.8.	Tagann siad ó Bhallstát nó ó chrios de Bhallstát atá saor ó ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24), áit nach ndearnadh aon chás d'ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) a dheimhniú sa daonra ainmhithe spriocdhírithe le linn na 24 mhí díreach roimh dháta imeachta na coinsíneachta agus níor vacsaíníodh iad le vacsaín bheo in aghaidh ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) sa 60 lá roimh dháta imeachta na coinsíneachta agus comhlíontar na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 32(1), pointí (a), (b) nó (c), nó in Airteagal 32(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688.]
	(2) *agus/nó*	(3)[II.2.8.	Tagann siad ó Bhallstát nó ó chrios de a chumhdaítear leis an gclár díothúcháin maidir le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) agus comhlíontar na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 32(1), pointí (a), (b) nó (c), nó in Airteagal 32(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688, agus:
		(2) *cibé acu*	(3)[II.2.8.1. a coimeádadh iad i mBallstát nó i gcrios de atá saor go séasúrach ó ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) i gcomhréir le hAirteagal 40(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 ón gCoimisiún:
			(2) *cibé acu* (3)[II.2.8.1.1. ar feadh 60 lá ar a laghad roimh dháta imeachta na coinsíneachta;]]
			(2) *agus/nó* (3)[II.2.8.1.2. ar feadh 28 lá ar a laghad roimh dháta imeachta na coinsíneachta agus cuireadh faoi thástáil shéireolaíoch iad, agus torthaí diúltacha uirthi, arna déanamh ar shamplaí arna mbailiú 28 lá ar a laghad tar éis dháta theacht isteach na n chrios den Bhallstát atá saor go séasúrach ó ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24);]]
			(2) *agus/nó* (3)[II.2.8.1.3. ar feadh 14 lá ar a laghad roimh dháta imeachta na coinsíneachta agus cuireadh faoi thástáil ISP iad, agus torthaí diúltacha uirthi, arna déanamh ar shamplaí arna mbailiú 14 lá ar a laghad tar éis dháta theacht isteach na n Bhallstát atá saor go séasúrach ó ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24);]]]
		(2) *agus/nó*	(3)[II.2.8.2. rinneadh iad a chosaint ar ionsaithe ó veicteoirí le linn dóibh a bheith á n-iompar chuig an gceann scríbe agus coimeádadh cosanta ar ionsaithe ó veicteoirí iad i mbunaíocht atá cosanta ar veicteoirí:
			(2) *cibé acu* (3)[II.2.8.2.1. ar feadh 60 lá ar a laghad roimh dháta imeachta na coinsíneachta;]]

AN tAONTAS EORPACH				Deimhniú caighdeánach BOV/INTRA -
		[2] *agus/nó* (3)[II.2.8.2.2.		ar feadh 28 lá ar a laghad roimh dháta imeachta na coinsíneachta agus cuireadh na hainmhithe faoi thástáil shéireolaíoch, agus torthaí diúltacha uirthi, arna déanamh ar shamplaí arna mbailiú 28 lá ar a laghad tar éis dháta tosaigh na tréimhse cosanta in aghaidh ionsaithe ó veicteoirí;]]
		[2] *agus/nó* (3)[II.2.8.2.3.		ar feadh 14 lá ar a laghad roimh dháta imeachta na coinsíneachta agus cuireadh na hainmhithe faoi thástáil PCR, agus torthaí diúltacha uirthi, arna déanamh ar shamplaí arna mbailiú 14 lá ar a laghad tar éis dháta tosaigh na tréimhse cosanta in aghaidh ionsaithe ó veicteoirí;]]]
	[2] *agus/nó* (3)[II.2.8.3.			vacsaíníodh iad in aghaidh gach séiritíopa 1-24, ar séiritíopaí ionfhabhtaithe leis an víreas gormtheanga iad ar tuairiscíodh gur ann dóibh sa Bhallstát sin nó i gcrios de le linn an 2 bhliain dheireanacha roimh dháta imeachta na coinsíneachta agus tá siad laistigh den tréimhse imdhíonachta arna ráthú i sonraíochtaí na vacsaíne, agus:
		[2] *cibé acu* (3)[II.2.8.3.1.		vacsaíníodh iad breis agus 60 lá roimh dháta imeachta na coinsíneachta;]]
		[2] *agus/nó* (3)[II.2.8.3.2.		vacsaíníodh iad le vacsaín dhíghníomhaithe agus cuireadh faoi thástáil PCR iad, agus torthaí diúltacha uirthi, arna déanamh ar shamplaí arna mbailiú 14 lá ar a laghad tar éis dháta tosaithe na himdhíonachta a leagtar síos i sonraíochtaí na vacsaíne;]]]
	[2] *agus/nó* (3)[II.2.8.4.			cuireadh faoi thástáil shéireolaíoch iad, agus torthaí dearfacha uirthi, lenar féidir antasubstaintí sonracha in aghaidh gach steiréitíopa 1-24 den ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga a bhrath ar tuairiscíodh gurbh ann dó sa Bhallstát sin nó i gcrios de le linn na tréimhse 2 bhliain roimh dháta imeachta na coinsíneachta, agus:
		[2] *cibé acu* (3)[II.2.8.4.1.		rinneadh an tástáil shéireolaíoch ar shamplaí a bailíodh ar a laghad 60 lá roimh dháta imeachta na coinsíneachta.]]]
		[2] *agus/nó* (3)[II.2.8.4.2.		rinneadh an tástáil shéireolaíoch ar shamplaí arna mbailiú 30 lá ar a laghad roimh dháta imeachta na coinsíneachta agus cuireadh na hainmhithe faoi thástáil PCR, agus torthaí diúltacha uirthi, arna déanamh ar shamplaí arna mbailiú tráth nach luaithe ná 14 lá roimh dháta imeachta na coinsíneachta.]]]
	[2] *agus/nó* [II.2.8.			Is de thionscnamh Ballstát iad, nó crios de, nach bhfuil saor ó ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) ná nach gcumhdaítear leis an gclár díothúcháin maidir le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) agus comhlíontar na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 32(1), pointí (a), (b) nó (c), nó in Airteagal 32(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688, agus:
		[2] *cibé acu* (3)[II.2.8.1.		rinneadh iad a chosaint ar ionsaithe ó veicteoirí le linn dóibh a bheith á n-iompar chuig an gceann scríbe agus coimeádadh cosanta ar ionsaithe ó veicteoirí iad i mbunaíocht atá cosanta ar veicteoirí:
		[2] *cibé acu* (3)[II.2.8.1.1.		ar feadh 60 lá ar a laghad roimh dháta imeachta na coinsíneachta;]]
		[2] *agus/nó* (3)[II.2.8.1.2.		ar feadh 28 lá ar a laghad roimh dháta imeachta na coinsíneachta agus cuireadh na hainmhithe faoi thástáil shéireolaíoch, agus torthaí diúltacha uirthi, arna déanamh ar shamplaí arna mbailiú 28 lá ar a laghad tar éis dháta tosaigh na tréimhse cosanta in aghaidh ionsaithe ó veicteoirí;]]
		[2] *agus/nó* (3)[II.2.8.1.3.		ar feadh 14 lá ar a laghad roimh dháta imeachta na coinsíneachta agus cuireadh na hainmhithe faoi thástáil PCR, agus torthaí diúltacha uirthi, arna déanamh ar shamplaí arna mbailiú 14 lá ar a laghad tar éis dháta tosaigh na tréimhse cosanta in aghaidh ionsaithe ó veicteoirí;]]]

AN tAONTAS EORPACH		Deimhniú caighdeánach BOV/INTRA -
	[2] *agus/nó* (3)[II.2.8.2.	coimeádadh iad ar feadh na tréimhse 60 lá roimh dháta imeachta na coinsíneachta i mbunaíocht atá suite i mBallstát nó i limistéar dar ga 150 km ar a laghad láraithe ar an mbunaíocht, áit a ndearnadh faireachas le linn na tréimhse sin i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach i gCuid II de Chaibidil 1, Ranna 1 agus 2, d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689, agus:
	[2] *cibé acu* (3)[II.2.8.2.1.	vacsaíníodh na hainmhithe in aghaidh gach séiritíopa 1-24, ar séiritíopaí ionfhabhtaithe leis an víreas gormtheanga iad ar tuairiscíodh gur ann dóibh le linn an 2 bhliain dheireanacha roimh dháta imeachta na coinsíneachta laistigh de limistéar dar ga 150 km ar a laghad láraithe ar an áit ina raibh na hainmhithe á gcoimeád agus tá siad laistigh den tréimhse imdhíonachta arna ráthú i sonraíochtaí na vacsaíne, agus:
	[2] *cibé acu* (3)[II.2.8.2.1.1.	vacsaíníodh iad breis agus 60 lá roimh dháta imeachta na coinsíneachta;]]]
	[2] *agus/nó* (3)[II.2.8.2.1.2.	vacsaíníodh iad le vacsaín dhíghníomhaithe agus cuireadh faoi thástáil ISP iad, agus torthaí diúltacha uirthi, ar shamplaí arna mbailiú 14 lá ar a laghad tar éis dháta thús na himdhíonachta arna leagan amach i sonraíochtaí na vacsaíne;]]]]
	[2] *agus/nó* (3)[II.2.8.2.2.	imdhíonadh na hainmhithe ar gach séiritíopa 1-24, ar séiritíopaí ionfhabhtaithe leis an víreas gormtheanga iad ar tuairiscíodh gurbh ann dóibh le linn an 2 bhliain roimh dháta imeachta na coinsíneachta i limistéar dar ga 150 km ar a laghad láraithe ar an áit ina raibh na hainmhithe á gcoimeád, agus:
	[2] *cibé acu* (3)[II.2.8.2.2.1.	cuireadh na hainmhithe faoi thástáil shéireolaíoch, agus torthaí dearfacha uirthi, arna déanamh ar shamplaí arna mbailiú le linn an 60 lá ar a laghad roimh dháta imeachta na coinsíneachta;]]]
	[2] *agus/nó* (3)[II.2.8.2.2.2.	cuireadh na hainmhithe faoi thástáil shéireolaíoch, agus torthaí dearfacha uirthi, arna déanamh ar shamplaí arna mbailiú 30 lá ar a laghad roimh dháta imeachta na coinsíneachta agus faoi thástáil PCR, agus torthaí diúltacha uirthi, arna déanamh ar shamplaí arna mbailiú tráth nach luaithe ná 14 lá roimh dháta imeachta na coinsíneachta.]]]]
	[2] *agus/nó*(3)[II.2.8.	Ní chomhlíonann siad na ceanglais a leagtar síos i gCuid II, Caibidil 2, Roinn 1, pointí 1 go 3, d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 agus d'údaraigh údarás inniúil an Bhallstáit tionscnaimh aistriú na n de:
	[2] *cibé acu* (3)[II.2.8.1.	ag a bhfuil an stádas saor ó ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) agus chuir an Ballstát cinn scríbe an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas go bhfuil an ghluaiseacht sin údaraithe faoi réir na gcoinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 43(2)(a), (b) agus (c) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689, agus sna háiteanna seo a leanas:
	[2] *cibé acu* (3)[II.2.8.1.1.	Cuid II, Caibidil 2, Roinn 1, pointe 5, d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán Tarmligthe sin, agus
	[2] *agus/nó* (3)[II.2.8.1.2.	Cuid II, Caibidil 2, Roinn 1, pointe 6, d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán Tarmligthe sin, agus
	[2] *agus/nó* (3)[II.2.8.1.3.	Cuid II, Caibidil 2, Roinn 1, pointe 7, d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán Tarmligthe sin, agus
	[2] *agus/nó* (3)[II.2.8.1.4.	Cuid II, Caibidil 2, Roinn 1, pointe 8, d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán Tarmligthe sin, agus

AN tAONTAS EORPACH				Deimhniú caighdeánach BOV/INTRA -
				comhlíontar na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 32(1), pointí (a), (b) nó (c) nó Airteagal 32(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 agus na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 33 den Rialachán Tarmligthe sin;]]
		(2) *agus/nó*	(3)[II.2.8.2.	le clár díothúcháin formheasta maidir le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) agus chuir an Ballstát cinn scríbe an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas go bhfuil an ghluaiseacht sin údaraithe faoi réir na gcoinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 43(2), pointí (a), (b) agus (c), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 agus sna háiteanna seo a leanas,
			(2) *cibé acu* (3)[II.2.8.2.1.	Cuid II, Caibidil 2, Roinn 1, pointe 5, d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán Tarmligthe sin, agus
			(2) *agus/nó* (3)[II.2.8.2.2.	Cuid II, Caibidil 2, Roinn 1, pointe 6, d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán Tarmligthe sin, agus
			(2) *agus/nó* (3)[II.2.8.2.3.	Cuid II, Caibidil 2, Roinn 1, pointe 7, d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán Tarmligthe sin, agus
			(2) *agus/nó* (3)[II.2.8.2.4.	Cuid II, Caibidil 2, Roinn 1, pointe 8, d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán Tarmligthe sin, agus
				comhlíontar na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 32(1), pointe (a), (b) nó (c) nó Airteagal 32(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 agus na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 33 den Rialachán Tarmligthe sin;]]]
		(2) *agus/nó*	(3)[II.2.8.3.	nach bhfuil saor ó ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) ná nach gcumhdaítear leis an gclár díothúcháin maidir le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) agus chuir an Ballstát cinn scríbe an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas go bhfuil an ghluaiseacht sin údaraithe:
			(2) *cibé acu* (3)[II.2.8.3.1.	gan aon choinníoll, agus
			(2) *agus/nó* (3)[II.2.8.3.2.	faoi réir na gcoinníollacha dá dtagraítear i gCuid II, Caibidil 2, Roinn 1, pointe 5 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689, agus
			(2) *agus/nó* (3)[II.2.8.3.3.	faoi réir na gcoinníollacha dá dtagraítear i gCuid II, Caibidil 2, Roinn 1, pointe 6 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689, agus
			(2) *agus/nó* (3)[II.2.8.3.4.	faoi réir na gcoinníollacha dá dtagraítear i gCuid II, Caibidil 2, Roinn 1, pointe 7 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689, agus
			(2) *agus/nó* (3)[II.2.8.3.5.	faoi réir na gcoinníollacha dá dtagraítear i gCuid II, Caibidil 2, Roinn 1, pointe 8 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689, agus
				comhlíontar na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 32(1), pointe (a), (b) nó (c) nó Airteagal 32(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 agus na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 33 den Rialachán Tarmligthe sin.]]]
	(2) [(2)		(3)[II.2.9.	Déantar iad a aistriú chuig Ballstát nó chuig crios de ag a bhfuil an stádas saor ó liúcóis bhólachta eansótach, agus:
		(2) *cibé acu*	(3)[II.2.9.1.	tagann siad ó bhunaíochtaí atá saor ó liúcóis bhólachta eansótach.]]]
		(2) *nó*	(3)[II.2.9.1.	tagann siad ó bhunaíochtaí nach bhfuil saor ó liúcóis bhólachta eansótach, agus nár tuairiscíodh gur ann do liúcóis bhólachta eansótach sna bunaíochtaí sin le linn na 24 mhí dheireanacha roimh dháta imeachta na coinsíneachta, agus:
			(2) *cibé acu* (3)[II.2.9.1.1.	tá siad os cionn 24 mhí d'aois agus cuireadh faoi thástáil shéireolaíoch iad le haghaidh liúcóis bhólachta eansótach le ceann de

	na modhanna diagnóiseacha dá bhforáiltear i gCuid 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688, arna déanamh agus torthaí diúltacha uirthi: (2) *cibé acu* (3)[II.2.9.1.1.1. ar shamplaí arna dtógáil ar dhá ócáid agus eatramh 4 mhí ar a laghad eatarthu fad a bhí siad á leithlisiú ó na bó -ainmhithe eile sa t (2) *agus/nó* (3)[II.2.9.1.1.2. ar shampla arna thógáil le linn na 30 lá deireanach roimh dháta imeachta na coinsíneachta, agus rinneadh na bó gcoimeád sa bhunaíocht a chur faoi thástáil shéireolaíoch le haghaidh liúcóis bhólachta eansótach le ceann de na modhanna diagnóiseacha dá bhforáiltear i gCuid 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688, arna déanamh, agus torthaí diúltacha uirthi, ar shamplaí arna dtógáil ar dhá ócáid agus eatramh nach lú ná 4 mhí eatarthu le linn an 12 mhí dheireanacha roimh dháta imeachta na coinsíneachta;]]]] (2) *agus/nó* (3)[II.2.9.1.2. tá siad níos óige ná 24 mhí d'aois agus rugadh iad do mháithreacha a cuireadh faoi thástáil shéireolaíoch le haghaidh liúcóis bhólachta eansótach le ceann de na modhanna diagnóiseacha dá bhforáiltear i gCuid 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688, agus torthaí diúltacha uirthi, ar shamplaí arna dtógáil ar dhá ócáid agus eatramh nach lú ná 4 mhí eatarthu le linn an 12 mhí dheireanacha roimh dháta imeacht na coinsíneachta.]]] (2) *nó* (3)[II.2.9. Déantar iad a aistriú chuig Ballstát nó chuig crios de ag a bhfuil clár díothúcháin formheasta maidir le liúcóis bhólachta eansótach, agus: (2) *cibé acu* (3)[II.2.9.1. tagann siad ó bhunaíochtaí atá saor ó liúcóis bhólachta eansótach.]] (2) *nó* (3)[II.2.9.1. tagann siad ó bhunaíochtaí nach bhfuil saor ó liúcóis bhólachta eansótach, agus nár tuairiscíodh gur ann do liúcóis bhólachta eansótach sna bunaíochtaí sin le linn na 24 mhí dheireanacha roimh dháta imeachta na coinsíneachta, agus: (2) *cibé acu* (3)[II.2.9.1.1. tá siad os cionn 24 mhí d'aois agus cuireadh faoi thástáil shéireolaíoch iad le haghaidh liúcóis bhólachta eansótach le ceann de na modhanna diagnóiseacha dá bhforáiltear i gCuid 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688, arna déanamh agus torthaí diúltacha uirthi: (2) *cibé acu* (3)[II.2.9.1.1.1. ar shamplaí arna dtógáil ar dhá ócáid agus eatramh 4 mhí ar a laghad eatarthu fad a bhí siad á leithlisiú ó na bó -ainmhithe eile sa t (2) *agus/nó* (3)[II.2.9.1.1.2. ar shampla arna thógáil le linn na 30 lá deireanach roimh dháta imeachta na coinsíneachta, agus rinneadh na bó -ainmhithe sa chuid eile den daonra ach cionn 24 mhí a bhí á gcoimeád sa bhunaíocht a chur faoi thástáil shéireolaíoch le haghaidh liúcóis bhólachta eansótach le ceann de na modhanna diagnóiseacha dá bhforáiltear i gCuid 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688, arna déanamh, agus torthaí diúltacha uirthi, ar shamplaí arna dtógáil ar dhá ócáid agus eatramh nach lú ná 4 mhí eatarthu le linn an 12 mhí dheireanacha roimh dháta imeachta na coinsíneachta;]]]]

AN tAONTAS EORPACH	Deimhniú caighdeánach BOV/INTRA	-
	(2) *agus/nó* (3)[II.2.9.1.2. tá siad níos óige ná 24 mhí d'aois agus rugadh iad do mháithreacha a cuireadh faoi thástáil shéireolaíoch le haghaidh liúcóis bhólachta eansótach le ceann de na modhanna diagnóiseacha dá bhforáiltear i gCuid 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688, agus torthaí diúltacha uirthi, ar shamplaí arna dtógáil ar dhá ócáid agus eatramh nach lú ná 4 mhí eatarthu le linn an 12 mhí dheireanacha roimh dháta imeacht na coinsíneachta.]]]]	
(2) [(2)	(2)[II.2.10. Déantar iad a aistriú chuig Ballstát nó chuig crios de ag a bhfuil an stádas saor ó rineatraicéiteas tógálach buaibheach/bált vacsaíníodh iad in aghaidh rineatraicéiteas tógálach buaibheach/bált ionfhabhtaíoch, agus:	
	(2) *cibé acu* (3)[II.2.10.1. tagann siad ó bhunaíochtaí atá saor ó rineatraicéiteas tógálach buaibheach/bált-fhaighníteas puchóideach ionfhabhtaíoch, agus:	
	(2) *cibé acu* (3)[II.2.10.1.1. tá na bunaíochtaí tionscnaimh lonnaithe i mBallstát nó i gcrios de ag a bhfuil an stádas saor ó rineatraicéiteas tógálach buaibheach/bált - fhaigh	
	(2) *agus/nó* [II.2.10.1.2 cuireadh na hainmhithe i gcoraintín ar feadh 30 lá ar a laghad roimh dháta imeachta na coinsíneachta agus cuireadh faoi thástáil shéireolaíoch iad chun antasubstaintí in aghaidh víreas heirpéis bólachta iomlán, cineál 1, (BoHV modhanna diagnóiseacha dá bhforáiltear i gCuid 5 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688, agus toradh diúltach uirthi, ar shampla arna thógáil le linn na 15 lá dheireanacha roimh dháta imeachta na coinsíneachta.]]]]	
	(2) *nó* (3)[II.2.10.1. tagann siad ó bhunaíochtaí nach bhfuil saor ó rineatraicéiteas tógálach buaibheach/bált agus gcoinneas puchóide mbunaíocht choraintín fhormheasta ar feadh 30 lá ar a laghad roimh dháta imeachta na coinsíneachta agus cuireadh faoi thástáil shéireolaíoch iad chun antasubstaintí in aghaidh BoHV diagnóiseacha dá bhforáiltear i gCuid 5 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688, agus toradh diúltach uirthi, arna déanamh ar shampla arna thógáil tráth nach lú ná 21 lá tar éis dháta tosaithe an choraintín.]]]	
	(2) *nó* [II.2.10. Déantar iad a aistriú chuig Ballstát nó chuig crios de ag a bhfuil clár díothúcháin formheasta maidir le rineatraicéiteas tógálach buaibheach/bált agus:	
	(2) *cibé acu* (3)[II.2.10.1. tagann siad ó bhunaíochtaí atá saor ó rineatraicéiteas tógálach buaibheach/bált-fhaighníteas puchóideach ionfhabhtaíoch, agus:	
	(2) *cibé acu* (3)[II.2.10.1.1. tá na bunaíochtaí tionscnaimh lonnaithe i mBallstát nó i gcrios de ag a bhfuil an stádas saor ó rineatraicéiteas tógálach buaibheach/bált hfaighníteas puchóideach ionfhabhtaíoch;]]]]	
	(2) *agus/nó* (3)[II.2.10.1.2. tá na bunaíochtaí tionscnaimh lonnaithe i mBallstát nó i gcrios de ag a bhfuil clár díothúcháin formheasta maidir le rineatraicéiteas tógálach buaibheach/bált hf ionfhabhtaíoch;]]]]	
	(2) *agus/nó* (3)[II.2.10.1.3. cuireadh na hainmhithe i gcoraintín ar feadh 30 lá ar a laghad roimh imeacht agus cuireadh faoi thástáil shéireolaíoch iad chun antasubstaintí in aghaidh víreas heirpéis bólachta iomlán, cineál 1, (BoHV -1) a bhrath le ceann de na modhanna diagnóiseacha dá bhforáiltear i gCuid 5 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688, agus toradh diúltach uirthi, ar shampla arna thógáil le linn na 15 lá dheireanacha roimh dháta imeachta na coinsíneachta;]]]]	

AN tAONTAS EORPACH **Deimhniú caighdeánach BOV/INTRA** -

		[(2) *agus/nó* (3)[II.2.10.1.4. tá na hainmhithe dírithe ar bhunaíocht ina gcoimeádtar bó bó díreach chuig an seamlas;]]]]
		[(2)*nó* (3)[II.2.10.1. tagann siad ó bhunaíochtaí nach bhfuil saor ó rineatraicéiteas tógálach buaibheach/bált - fhaighnfeas pu II.2.10.1.1. coimeádadh i mbunaíocht choraintín fhormheasta iad ar feadh 30 lá ar a laghad roimh dháta imeachta na coinsíneachta, agus II.2.10.1.2. cuireadh faoi thástáil shéireolaíoch iad chun antasubstaintí in aghaidh BoHV diagnóiseacha dá bhforáiltear i gCuid 5 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688, agus toradh diúltach uirthi, arna déanamh ar shampla arna thógáil nach lú ná 21 lá tar éis dháta tosaithe an choraintín.]]]
[(2) [(2) *cibé acu*		(3)[II.2.11. Déantar iad a aistriú chuig Ballstát nó chuig crios de ag a bhfuil an stádas saor ó bhuinneach víreasach bhólachta agus níor vacsaíníodh iad in aghaidh buinneach víreasach bhólachta, agus
	[(2) *cibé acu*	(3)[II.2.11.1. tagann siad ó bhunaíochtaí atá saor ó bhuinneach víreasach bhólachta, agus:
		[(2) *cibé acu* (3)[II.2.11.1.1. tá na bunaíochtaí tionscnaimh lonnaithe i mBallstát nó i gcrios de ag a bhfuil an stádas saor ó bhuinneach víreasach bhólachta;]]]]
		[(2) *agus/nó* (3)[II.2.11.1.2. cuireadh na bunaíochtaí tionscnaimh faoi chóras tástála dá dtagraítear i gCuid VI, Caibidil 1, Roinn 2, pointe 1(c)(ii) nó (iii), d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689, agus torthaí diúltacha air, laistigh den tréimhse 4 mhí roimh dháta imeachta na coinsíneachta;]]]]
		[(2) *agus/nó* (3)[II.2.11.1.3. rinneadh tástáil aonair ar na hainmhithe chun víreas na buinní víreasaí bólachta a chur as an áireamh roimh imeacht na coinsíneachta;]]]]
	[(2)*nó*	(3)[II.2.11.1. tagann siad ó bhunaíochtaí nach bhfuil saor ó bhuinneach víreasach bhólachta agus cuireadh faoi thástáil iad le haghaidh antaigin nó ghéanóm na buinní víreasaí bólachta le ceann de na modhanna diagnóiseacha dá bhforáiltear i gCuid 6 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688, a rinneadh agus torthaí diúltacha uirthi, agus:
		[(2) *cibé acu* (3)[II.2.11.1.1. coimeádadh i mbunaíocht choraintín fhormheasta iad ar feadh tréimhse 21 lá ar a laghad roimh dháta imeachta na coinsíneachta, [agus i gcás máithreacha atá ag iompar, cuireadh faoi thástáil shéireolaíoch iad chun antasubstaintí in aghaidh víreas na buinní víreasaí bólachta a bhrath le ceann de na modhanna diagnóiseacha dá bhforáiltear i gCuid 6 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688, agus toradh diúltach uirthi, ar shamplaí arna dtógáil tráth nach lú ná 21 lá tar éis dháta thús an choraintín;] (2)]]
		[(2) *agus/nó* (3)[II.2.11.1.2. cuireadh faoi thástáil shéireolaíoch iad chun antasubstaintí in aghaidh víreas na buinní víreasaí bólachta a bhrath ag úsáid ceann de na modhanna diagnóiseacha dá bhforáiltear i gCuid 6 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688, agus torthaí dearfacha uirthi,
		[(2) *cibé acu* (3)[II.2.11.1.2.1. i gcás máithreacha nach bhfuil ag iompar, rinneadh an tástáil ar shamplaí arna dtógáil roimh dháta imeachta na coinsíneachta;]]]]]

AN tAONTAS EORPACH **Deimhniú caighdeánach BOV/INTRA -**

	[(2) *agus/nó* (3)[II.2.11.1.2.1. i gcás máithreacha atá ag iompar, rinneadh an tástáil ar shamplaí arna dtógáil roimh dháta an inseamhnúcháin a rinneadh roimh an tréimhse iompair reatha.]]]]]
	[(2)*nó* (3)[II.2.11. Déantar iad a aistriú chuig Ballstát nó chuig crios de ag a bhfuil clár díothúcháin formheasta maidir le buinneach víreasach bhólachta, agus:
	[(2) *cibé acu* (3)[II.2.11.1. tagann siad ó bhunaíochtaí atá saor ó bhuinneach víreasach bhólachta, agus:
	[(2) *cibé acu* (3)[II.2.11.1.1. tá na bunaíochtaí tionscnaimh lonnaithe i mBallstát nó i gcrios de ag a bhfuil an stádas saor ó bhuinneach víreasach bhólachta;]]]
	[(2) *agus/nó* (3)[II.2.11.1.2. tá na bunaíochtaí tionscnaimh lonnaithe i mBallstát nó i gcrios de ag a bhfuil clár díothúcháin formheasta maidir le buinneach víreasach bhólachta;]]]
	[(2) *agus/nó* (3)[II.2.11.1.3. cuireadh na bunaíochtaí tionscnaimh faoi chóras tástála dá dtagraítear i gCuid VI, Caibidil 1, Roinn 2, pointe 1(c)(ii) nó (iii), d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689, agus torthaí diúltacha air, laistigh den 4 mhí roimh dháta imeachta na coinsíneachta;]]]
	[(2) *agus/nó* (3)[II.2.11.1.4. rinneadh tástáil aonair ar na hainmhithe chun víreas na buinní víreasaí bólachta a chur as an áireamh roimh imeacht na coinsíneachta;]]]
	[(2) *agus/nó* (3)[II.2.11.1.5. tá na hainmhithe beartaithe lena gcur i mbunaíocht ina gcoimeádtar bó-ainmhithe le haghaidh táirgeadh feola agus iad leithlisithe ó bhunaíochtaí eile, agus déantar iad a aistriú as sin díreach chuig an seamlas;]]]
	[(2) *agus/nó* (3)[II.2.11.2. tagann siad ó bhunaíochtaí nach bhfuil saor ó bhuinneach víreasach bhólachta agus cuireadh faoi thástáil iad le haghaidh antaigin nó ghéanóm na buinní víreasaí bólachta le ceann de na modhanna diagnóiseacha dá bhforáiltear i gCuid 6 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688, a rinneadh agus torthaí diúltacha uirthi, agus:
	[(2) *cibé acu* (3)[II.2.11.2.1. coimeádadh i mbunaíocht choraintín fhormheasta iad ar feadh tréimhse 21 lá ar a laghad roimh dháta imeachta na coinsíneachta, [agus i gcás máithreacha atá ag iompar, cuireadh faoi thástáil shéireolaíoch iad chun antasubstaintí in aghaidh víreas na buinní víreasaí bólachta a bhrath le ceann de na modhanna diagnóiseacha dá bhforáiltear i gCuid 6 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688, agus torthaí diúltacha uirthi, ar shamplaí arna dtógáil tráth nach lú ná 21 lá tar éis dháta thús an choraintín;] (2)]]
	[(2) *agus/nó* (3)[II.2.11.2.2. cuireadh faoi thástáil shéireolaíoch iad chun antasubstaintí in aghaidh víreas na buinní víreasaí bólachta a bhrath ag úsáid ceann de na modhanna diagnóiseacha dá bhforáiltear i gCuid 6 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688, agus torthaí dearfacha uirthi,
	[(2) *cibé acu* (3)[II.2.11.2.2.1. i gcás máithreacha nach bhfuil ag iompar, rinneadh an tástáil ar shamplaí arna dtógáil roimh dháta imeachta na coinsíneachta;]]]]
	[(2) *agus/nó* (3)[II.2.11.2.2.1. i gcás máithreacha atá ag iompar, rinneadh an tástáil ar shamplaí arna dtógáil roimh dháta an inseamhnúcháin a rinneadh roimh an tréimhse iompair reatha.]]]]]
	II.3. De réir mar is fearr is eol dom agus mar a dhearbhaigh an t-oibreoir, tagann na hainmhithe ó bhunaíochtaí nach raibh aon mhortlaíocht neamhghnách lena bhfuil cúis neamhchinntithe iontu.
	II.4. Déantar socruithe chun an choinsíneacht a iompar i gcomhréir le hAirteagal 4 de Rialachán Tarmligthe

(AE) 2020/688.

II.5. Tá an deimhniú sláinte ainmhithe seo bailí ar feadh 10 lá tar éis dháta a eisiúna. I gcás ina n-iompraítear ainmhithe ar uiscebhealach/ar muir, féadfar síneadh a chur le tréimhse bhailíochta an deimhnithe ar feadh an turais ar uiscebhealach/ar muir.

(2) (6) [II.6. Ó dháta imeachta óna mbunaíochtaí tionscnaimh agus roimh an dáta a tháinig siad chuig an mbunaíocht seo arna formheas le haghaidh oibríochtaí tionóil, ní dhearnadh níos mó ná dhá oibríocht tionóil ar aon cheann d'ainmhithe na coinsíneachta, agus:

(2) *cibé acu* [tagann siad óna mbunaíochtaí tionscnaimh.]]

(2) *nó* [rinneadh oibríocht tionóil amháin ar cheann amháin ar a laghad d'ainmhithe na coinsíneachta i mbunaíocht fhormheasta.]]

(2) *nó* nó [rinneadh dhá oibríocht tionóil ar cheann amháin ar a laghad d'ainmhithe na coinsíneachta sna bunaíochtaí formheasta.]]

Fianú leasa ainmhithe

Ag tráth an iniúchta, na hainmhithe a chumhdaítear leis an deimhniú sláinte seo, bhí siad oiriúnach lena n gcomhréir le forálacha Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 ón gComhairle ar an turas a bhí beartaithe dóibh a bhí le tosú an …… *(cuir isteach an dáta)* (7) (8).

Nótaí:

I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) de Chreat Windsor (féach Dearbhú Comhpháirteach Uimh. 1/2023 ón Aontas agus ón Ríocht Aontaithe sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach an 24 Márta 2023, IO L 102, 17.4.2023, lch. 87) i gcomhar le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an gCreat sin, chun críocha na hIarscríbhinne seo, baineann tagairtí don Aontas sa deimhniú sláinte ainmhithe seo leis an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann.

Déanfar an deimhniú sláinte ainmhithe seo a chomhlánú i gcomhréir leis na nótaí a bhaineann le comhlíonadh na ndeimhnithe dá bhforáiltear i gCaibidil 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún.

Cuid I:

